Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**08097/25**

**UEM 129**
***ECB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 1999/70/CE a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta, a mhéid a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha Lietuvos bankas |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh 1999/70/CE
a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta,
a mhéid a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha Lietuvos bankas**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Phrótacal Uimh. 4 maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 27.1 de,

Ag féachaint don Mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Aibreán 2025 do Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha Lietuvos bankas (BCE/2025/11)[1],

---

[1] IO C, C/2025/2306, 15.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2306/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá iniúchóirí seachtracha neamhspleácha, arna moladh ag Comhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) agus arna bhformheas ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, chun iniúchadh a dhéanamh ar chuntais BCE agus ar chuntais bhainc ceannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) Tháinig deireadh le sainordú iniúchóirí seachtracha Lietuvos bankas, UAB ROSK Consulting, tar éis an iniúchta don bhliain airgeadais 2024. Dá bhrí sin, is gá iniúchóirí seachtracha a cheapadh ón mbliain airgeadais 2025 ar aghaidh.

(3) Tá UAB ROSK Consulting roghnaithe ag Lietuvos bankas mar iniúchóirí seachtracha air do na blianta airgeadais 2025 go 2027.

(4) Mhol Comhairle Rialaithe BCE UAB ROSK Consulting a cheapadh mar iniúchóirí seachtracha Lietuvos bankas do na blianta airgeadais 2025 go 2027.

(5) De réir an mholta ó Chomhairle Rialaithe BCE, ba cheart Cinneadh 1999/70/CE ón gComhairle[2] a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[2] Cinneadh 1999/70/CE ón gComhairle an 25 Eanáir 1999 a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta (IO L 22, 29.1.1999, lch. 69, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1999/70(1)/oj).

*Airteagal 1*

In Airteagal 1 de Chinneadh 1999/70/CE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 19:

‘19. Leis seo, déantar UAB ROSK Consulting a fhormheas mar iniúchóirí seachtracha Lietuvos bankas do na blianta airgeadais 2025 go 2027.’.

*Airteagal 2*

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a thabharfar fógra faoi.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an mBanc Ceannais Eorpach.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*